

SEACHT BPAIDREACHA NA SEACHTAINE

A Rí an Domhnaigh
Gabhaim do choimrighe
Agus iarramuid impidhe ort
A Rí na nGrást
A ndearna muid ariamh
I n-aghaidh do tholach
Maithfidh tú duinn é
Ar uair ár mbáis.
A Rí an Luain
A charaid chroidhe
I sgádh do theagasg
Bhíonns muid gach lá
Tráth a bhfeicfidh tú
Sinn go truagh
Go bhreagraidh tú
In uair ár n-angair sinn.
Rí na Márt
Cóir duinn a bheith
Gad do fhreagairt
Uair istigh agus amuic a fhreastal.
Rí na Ceadaoin a bhí go fial
Chruthuigh gealach agus grian
Chruthuigh réalta agus muir
Bhfuil do mhac beannuighthe agat
Ar do bhreith féin.
Go dtreorúighe tú ár n-anam bocht
Ar dheis Dé.
A Rí an Diardaoin
Go mba tú ár sgéith dhíidinn go bráth
Go dtuga tú an trócaire síoruidhe agus grás.
A Rí na hAoine
A d'fhulaing an pháis
A dhórt do chuid fola
Ar an gcrann dár ngrádh.
Go n-athruighe an a athruighe

An sean-chroidhe cam
Atá failligheach fuar
Faríor géar, istigh 'nár lár.
Ní raibh Satharn ariamh gan Rí
Ní raibh ariamh agus ní bheidh go bráthach
Go ndéantar do thoil ar an talamh
Mar déantar ar neamh
Agus Ámén
Cuirim paidir na seacht n-achuinge sin
Ag iarraidh toradh agus tairbhe
Bláth agus biseach
Gach impidhe agus gach achuinge aca sin
Dár chuireamar ort
Go dtuga tú logha maiteamhnais
Inar bpeacaidh dúinn
Agus trócaire shíoraidhe
Ó Rí na nGrást.